Martha


# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 25 Iúil 18ú Táille 10p


# Fearg na bhFear Buí

LE CIAN Mac AOIDH

I NDIAIDH seachtain chorrach inar fhulaing náisiúntóirí na sé chontae ionsaithe fíochmhara ó dhílseoirí a bhí ag 'ceiliúradh' lá na bhFear Buí chuir úrlabhraí Shinn Féin, Danny Morrison, eachtraí na seachtaine i gcomparáid le pogrom na Nazithe in éadan na nGiúdach.

*"Seasann Sinn Féin go daingean lenár ndearcadh nach mbeadh freagra na ndílseoirí ar fhíorathruithe a dhath níos measa ná an freagra atá siad á thabhairt anois ar Chomhaontú Hillsborough nach fiú faic é."*

Lean sé leis:

*"Tá an SDLP agus Rialtas Bhaile Átha Cliath le cáineadh as glacadh le comhaontas atá chomh fiúntach de réir cosúlachta le blúire páipéir.*

*"Nuair a dhearcann an SDLP ar an tithe scriosta agus ar na Caitlicigh a scaoileadh bheirimid a ndúshlán aris a rá linn cad é an dul chun cinn do náisiúntóirí an tuaiscirt a tháinig as Comhaontú Hillsborough."*

Ba é Brian Leonard, fear pósta fiche bliain d'aois, céad íobartach na n-Aontachtach nuair a lámhaíodh é agus é ag obair ar shuíomh tógala ar bhóthar na Sean Chille. Fuair sé bás ar an dara lá déag in otharlann an RVH i mBéal Feirste agus cuireadh é i dTír Eoghain Dé Máirt 15ú Iúil.

Scaoileadh fear óg as Lag an Aoil sa chloigeann trí huaire go luath Dé Luain agus é taobh amuigh dá theach cónaí i Lag an Aoil, tuaisceart Bhéal Feirste. Dúirt an Protestant Action Force gurbh iad a ba chiontaí.

Tráthnóna an lae sin scaoileadh urchair i Sráid Roe, a dheas d'Ard Eoin nuair a rinne triúr dílseoir armtha iarracht duine a fhuadach óna teach féin. Ag an am bhí George Seawright sa cheantar agus é ag gríosú dílbeoirí chun troda.

I measc eachtraí úafásacha eile bhí ionsaí ar thithe Caitliceacha i Rasharkin, Contae Aontroma ag drong de seacsa dílseoir. Bhí siad armtha le tuanna lenar scrios siad gluaisteáin agus tithe na gCaitliceach. Tharla an t-ionsaí go mall san oíche, Dé Domhnaigh, agus tugadh gríosáil le bataí do stócach shé mbliain déag.



● Na dílseoirí ag mairseál i bPort an Dúnain ar an 12ú

Bhí cuid den trioblóid is measa i bPort an Dúnain áit ar ligeadh don Ord Bhuí siúl tríd ceantar Caitliceach ar an dara lá déag – d'ainneoin gur fhogair an RUC coicís roimhe nach dtarlódh a leithéid. Dé Sathairn rinneadh ionsaí ar thithe Caitliceacha i Sráid Obin agus caitheadh buamaí artola agus clocha.

I gCill Caol, Contae an Dúinn, bhris drong dílseoir fuinneoga i dtithe Caitliceacha agus chuir eanga a bhí ag iascairí Caitliceach.

I Latharna chaith scaifte clocha tríd fuinneoga teach an phobail nuair a bhí an t-Aifreann á cheilliúradh. Rinneadh ionsaí ar theach pobail Caitliceach i New Buildings, Contae Dhoire chomh maith. I Léim na Mhadaidh, Contae Dhoire, réab drong de mhíle óganach tríd an bhaile ag briseadh fuinneoga i dtithe Caitliceacha.

I gCaiseal an Mhuilinn gortaíodh fear amháin nuair a phléasc buama gan rábhadh taobh amuigh de bhialann Chaitliceach.

# Comórtas Bailéidí

TÁ comórtas bailéidí agus amhráin nua-chumtha fá throid na saoirse in Éirinn á eagrú ag Sinn Féin.

Is iad beirt cheoltóir Gaelach a bhéas mar mholtóirí ar an chomórtas. Bronnfar duais de £100 ar an iontráil is fearr agus £50 ar an dara iontráil is fearr.

Reachtólfar an comórtas ag slógadh Shinn Féin i Rath Cairn an 19ú Meán Fomhair nuair a bhéas na bailéidí á gceol go poiblí.

Ba chóir iontrálacha a sheoladh láithreach chuig roinn an chultúir Sinn Féin, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.

# Coláiste Ghaeilge i dTír Chonaill

D'ÉIRIGH thar barr le Coláiste Antoine Mhic Giolla Bhrighde a d'eagraiodh i dTeach Cholm Cille, Gort a 'Chorice idir an 5ú lá agus an 15ú lá de Mhí Iúil. Seo an dara bliain as a chéile a reachtáil Roinn an Chultúir, Sinn Féin, cúrsa Gaeilge do pháistí sa teach Gaeltachta.




● Scata dena páistí a d'fhreastal ar Coláiste Antoine Mhic Giolla Bhrighde

D'fhreastail dáréag scolaire ó Mhachaire Fíolta agus ón Chaisleán Nua ar an Choláiste agus ag stiúradh an chúrsa bhí cúigear múinteoir Is le Conradh na Gaeilge i nDoire Teach Cholm Cille ach ligtear amach ar cíos é le grúpaí Gaeilge.

Chomh maith le ranganna Gaeilge bhí neart imeachtaí sa tsiúl dona mic-léinn. Rith an ama cuireadh béim ar labhairt na Gaeilge agus spreagadh na scolairí leis an Ghaeilge a bhí acu a úsáid.

Beidh an dara cúrsa i mbliana de Choláiste Antoine Mhic Giolla Bhrighde ann i Mí Lúnasa (féach Mála Poist).

# Mo cheol thú




TÁIMID buíoch do Chaitlín Ní Coileáin as Nua Eabhrac a sheol an pictiúr seo chugainn de Ray Collins a bhain anchéad duais don amhránaíocht tradaisiúnta ag Fleadh Cheoil Nua Eabharc ar na mallaibh.

Reachtáileadh an Fhleadh i gColáiste Manhattan, An Bronx, Nua Eabharc.

Is as Béal Feirste Ray Collins ach i láthair na huaire tá sé ar thuras ceolchoirmneacha thart ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

# Comharthá Ga... diúltaith...

IN agallamh leis an Belfast Telegraph t... Stát-Rúnaí na Breataine sna sé chontae... gceadófar comharthaí bóthair dátheang... cuma a cén toradh atá ar na cruinnith... Chomhaontú Hillsborough.



● TOM K...

Tá ráite aige, afách, go bhfuil an dá rialtas ag déanamh staidéir ar mholadh go mbeadh rogha áitiúil ann fá chomharthaí sráide. Is ionann sin is a rá go mbeidh cead ag pobail áitiúla comharthaí Gaeilge a chrochadh suas – rud atá déanta acu cheana. Ach más fíor King tá socraithe ag rialtaisí Londain agus Bhaile Átha Cliath cheána nach gceadófar comharthaí bóthair dátheangacha den chinéal atá fairsing go leor sna sé chontae fiche.

San agallamh le Barry White ón Belfast Telegraph dúirt Tom King:

*"On Irish street names, tere is no question of having a*

*looking at whether there should be some sort of local option."*

Tógadh raic fán agallamh céanna de bhrí go dtug an tUasal King le fios go dtiocfadh le Rialtas na Breatain fáil réidh leis an Chomhaontú dá gcuirfeadh na dílseoirí ina

# MÁLA POIST

A Chara,

De réir Oifig Thuaisceart Eireann (OTE) ní bheidh cead ag cimí an Fáinne Nua Eadach a chaitheamh. Ar mholadh ón Chonradh Ceilteach i Londain chuir Sinn Féin an smaoineamh fá fháinne éadach chun tosaigh ar Chomhchoiste an tSuaitheantais.

Ba iarracht mhaith í ach deareann OTE nach féidir an rial a athrú sa chás seo toisc go n-osclódh sé an doras do 'paramilitary insignia'. Sin bunús na faidhbe: féachtar ar an fháinne mar chomhartha paramílitreach.

I gCamp Mhic Ghiollagáin i gContae Dhoire tá rial ann a choscann ar chime Gaeilge a labhairt le aon cime eile. Sa Cheis Fhada tá rial ann a choscann ar chimí an Ghaeilge a labhairt le linn cuairteanna. I gceachtar dena carcair tá bac ar ábhar leitheoireachta agus ar litreach sa Ghaeilge. *"Is é an béarla teanga oifigiúil na bpríosúin"*, a deir OTE.

Is ionann labhairt na Gaeilge agus an fáinne i súile Gaeil ach de réir OTE is ionann an fáinne agus 'paramilitary insignia'. Is é an dearcadh atá acu, mar sin, gur rud paramíleatach é an Ghaeilge. Ba chóir do gach Gaelgeoir a mhachnamh a dhéanamh ar an mhasla sin don teanga.

Eoghan Mac Cormaic
An Cheis Fhada.

A Chara

Tá Sinn Féin ag eagrú Colaiste Antoine Mhic Giolla Bhrighde, coláiste samhraidh Ghaeilge, ó 15 go dtí 25 lá Lúnasa. Beidh an choláiste lonnaithe i dTeach Cholm Cille Gort a Choirce agus beidh áiteacha ann do 14 daoine.

£50 an costas atá ar an chúrsa. San áireamh leis an táille sin tá an lóistin ranganna agus gach béile.

Beidh ceathrar múinteoir Gaeilge ag stiúradh an chúrsa agus beidh an bhéim ar chaint na Ghaeilge. Beifear ag dréim le gach foghlaimeoir an Ghaeilge atá acu a úsáid i gcónaí le linn an chúrsa.

Ní ga go mbeadh na scolairí líofa ach b'fhearr go mbeadh Gaeilge éigean acu. Ní chuirfidh Coláiste Antoine Mhic Giolla Bhrighde fáilte ach rompú siúd atá i bhfách go hiomlán le hAthbheochan na Gaeilge.


Is féidir tuilleadh eolais fan chúrsa a fháil uaimse ag an seoladh thuas.

Eamann Ó hArtghaile.
147 Bóthar Bhaile Andarsan,
Béal Feirste 11.

CUMA...
NA ...
MEIRLEA...
Bóthar Bhaile ...
OÍCHE C...
GACH A...
Fáilte romhai...

## á Gaeilge
## taithe

elegraph tá tugtha le fios ag
é chontae, Tom King, nach
dátheangacha sa tuaisceart
cruinnithe idir-rialtaisí faoi



● TOM KING

lui orthu go raibh córas níos fearr le tairscint acu.

Ar seisean:

*"But we can't begin to see what is best unless we are able, somehow to start discussions* (leis na dílseoirí).

*"What came out of talks could have implications for the Agreement. It could lead to the Agreement being changed."*


MANN
IA
LEACH
aile Andarsan
CHEOIL
AOINE
nhaibh uilig


# Vítneam nua ag SAM

*LE DONALL Ó DUFAIGH*

DÚIRT an raidió é ar maidin agus mé ag cuartú téama do m'alt: *"Thug SAM rabhadh inné d'achan duine bheith ar a bhfaichill an samhradh seo, mar síleann an CIA go bhfuil tuilleadh"* ionsaithe sceimhlitheoireachta *"ar mhuintir na Stát Aontaithe thar lear ag teacht."*

Agus sin go díreach nuair a bhí na cuairteoirí Meiriceanacha ag tosú ag teacht ar ais chun na hEorpa. Ní chuirfidh an rabhadh gliondar ar bith ar Rialtas Shasana agus caithfidh go bhfuil, fiú amháin Rialtas Thatcher na hEite Deise, ag cur na ceiste orthu féin, an raibh *an cheart acu nuair a thug siad caoi do Reagan ionsaí "sceimhlitheoireachta"* a dhéanamh ar mhuintir na Libia.

Cad chuige ar chruthaigh lucht bolscaireachta An Pheinteagáin an namhaid nua lonrach seo, an *Sceimhlitheoireacht Dhomhanda?* Ba chóir go mbeadh sé soiléir ag daoine dalla an domhain (agus gnáthdaoine SAM ina measc — sula a théann bolscaireacht An Pheinteagáin i bhfeidhm orthu) gur mionolc an *sceimhlitheoireacht* seo i gcomparáid leis an chontúirt mhillteannach atá ag baint le Rás na n-Arm Eithneach a bhfuil siad páirteach ann, nó le faidhb uafásach an ocrais ins an 3ú Domhan.

### OCRAS

Mar shampla, i 1985 maraíodh 124 duine ar fad i 87 n-ionsaí *sceimhlitheoireacht* i 30 tír. I 1984, ins An Afraic amháin, fuair 5 mhilliún páiste bás ón ocras agus na galair a théann leis.

Sílim go bhfuil an rud soiléir. O fuair Reagan cumhacht i SAM bhí sé ar a dhícheall ag cuartú foirmle a ligfeadh do SAM, cur isteach míleata a dhéanamh, sa 3ú Domhan. Theip ag cur i gcrích Teoiric na Frithceannairceachta (Counterinsurgency Doctrine) i Vítneam agus ní ligdfidh muintir SAM don Rialtas, dul isteach in eachtra eile den chineál.

Ach anois tá foirmle nua ag gramaisc mhíleata Reagan, agus ar bharr achan teanga i bpasáistí An Pheinteagáin tá focal nua, *Coimhlint Iseaddeine* (Low Intensity Conflict) agus an leithscéal ag Reagan a bhí de dhíth air. Má dhéanann lucht bolscaireachta rud ollmhór as *"comhcheilg Dhomhanda na sceimhlitheoireachta"* a bhfuil na tíortha cumannacha taobh thiar de, ar ndóigh(!) beidh tacaiocht an phobail i SAM ag Reagan le cur isteach ar rialtas ar bith sa 3ú Domhan nach dtaitníonn leis.

Scairtfidh bolscaireacht an Rialtais go bhfuil na tíortha seo ag cothú sceimhlitheoireahcta, agus sin leithscéal ag Rialtas Reagan le cur isteach ar chúrsaí inmheanánacha tír ar bith nach bhfuil chomh láidir le SAM.

Rinneadh ionsaí cheana ar Libia, ach san atmasféar atá á chothú ag Reagan, an bhfuil Nicaragua, an Iaráin, Cuba féin, saor ó chontúirt ionsaí dhírigh mhíleata. Tá na céadta míle ag fulaingt agus ag fáil bháis cheana féin de thairbhe cur isteach SAM i Nicaragua, an tSalvadóir, Hondúras agus Angóla, mar shamplaí.

De réir Georgetown Centre for Strategic and International Studies, *"terrorism provides a national catharsis so America can once again stand tall"*. Ach gan trácht ar mhímhoráltacht uafásach an ruda, an dtig le SAM baint i *gCogadh seo na Dreamcaide*, nó an bhfuil Reagan ag dul isteach i Vitneam de chineál eile?



● Teach scriosta i dTripoli tar éis bumáil Reagan air in Aibreán 1986

# Ag foghlaim na Gaeilge

**Cárb as tú?**
As Beal Feirste mé. Rugadh mé ar Bhóthar na bhFál agus tógadh mé ansin fosta.
As Contae Aontroma mé.
**Ca bhfuil tú i do chónaí anois?**
Tá mé i mo chónaí in uimhir seachtó a seacht, Sráid an Rí, Béal Feirste.
ar Bhóthar na bhFál.
ar Bhóthar an Ghleanna
ar Bhóthar na Seanchille.
i mBaile Andarsan.
i bhFionn Achaidh.
i gCill Uaighe.
i Léana an Dúin.
i nDún Muirí.
in Ard na bhFeá.
sa Pholl Glas.
**Ar mhaith leat bheith i do chónaí in áit ar bith eile?**
Níor mhaith liom, tá mé sásta go leor leis an áit seo.
Ba mhaith liom bheith i mo chónaí faoin tuath mar bíonn an tuath suaimhneach, deas, ciúin, agus bíonn an chathair iontach callánach. Fosta, bíonn an bia úr, bíonn an t-aer folláin agus taitníonn an dúlra liom. Bíonn an chathair róshalach.
**Cé mhéad duine atá sa chlann agat?**
Ta triúr,
tá ceathrar,
tá cúigear,
tá seisear,
tá seachtar,
tá ochtar,
tá naonúr,
tá deichniúr,
sa chlann ar fad
**Nó**
Tá mise,
mo bhean/m'fhear
beirt iníon agus triúr mac, i gclann s'againne
**An tusa an duine is sine, nó is óige sa chlann?**
Is mise an duine is sine.
Is mé an duine is óige.
Tá cupla duine níos sine ná mé agus tá cupla duine níos óige ná mé
Tá mise i lár baill.
Is é mo dhearthá ir/mo dheirfiúr an duine is sine.
**Cé mhéad dearthá ir nó deirfiúr atá agat?**
Níl dearthá ir ar bith agam.
Níl deirfiúr ar bith agam.
Tá dearthá ir amháin agam.
Tá deirfiúr amháin agam.
Tá beirt dhearthá ir/Tá beirt dheirfiúr agam.
Tá triúr dearthá ir/Tá triúr deirfiúr agam.
Tá ceathrar dearthá ir/Tá ceathrar deirfiúr agam.
Tá cúigear dearthá ir/Tá cúigear deirfiúr agam.

## Roinn an Chultuir, Sinn Fein

Oíche Cheoil le

**Breathac**

Dé Sathairn 19ú Iúil

**Andersonstown Social Club**


Táille £1.00

## Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Oíche Folk
Déardaoin
**Oíche Cheoil**
*(fáilte roimh Ghaeil)*
Dé hAoine
Oíche Luain
**Dara Rang Gaeilge**
Oíche Mháirt
**Bunrang**
**Oíche cheoil ar son Naíscoil na Fuiseoige.**
Oíche Chéadaoin
**Bunrang agus Ard-Rang**

# Crosfhocal

# 18




Trasna
4. Sean dún, déanta as clocha (7)
8. Fear feasach san ollscoil (6)
9. Cuir peann le paipéar (7)
10. Teach nó áit beag conaí (6)
11. Aon suíomh ar bith (4,3)
12. Ceann amháin (3)
14. Cuireann sé faobhar ar peann luaidhe (7)
16. Réimir ag ciallú maith nó breá (3)
18. Caitheann tú iad ar do lámha (7)
20. Staonann tú ó rud áirithe lena linn (6)
21. Barr carraige (7)
22. Tit amach (6)
23. Abhar chun eadaí a dhéanamh righin (7)

Síos
1. Imeall (6)
2. Arathach, duine fiachmhar (6)
3. Le... an tsaoil, go tráthúil (7)
5. So-fheicthe (5)
6. A mhalairt de sinsear (7)
7. Ascaill (sráid) (8)
11. Bíonn siad ar giotar (5)
13. Traenáil (8)
14. Tuathalán, briolscaire (7)
15. Ag fágáil, ag dul (7)
16. Gruamantha, duranta (6)
17. Déantar é seo nuair atá tinneas ort (urla) (6)
19. Ginideach uatha de glas (5)

Buairteoir Crosfhocail 17
Déaglán ó Conluain,
22 Sraith Pheadair,
Port Láirge.

Seoltar freagraí chuig
An tEagarthóir,
Nuacht Feirste
146 Bóthar Bhaile Andarsan,
Béal Feirste 11.

Freagraí Crosfhocal 17:
Trasna: 3. Scealpóg; 7. Splanc; 8. Each; 9. Síolta; 10. Scis; 11. Orca; 12. Spearail; 14. Otharcuí; 16. Raic; 17. Mias; 18. Sciung; 19. Stua; 20. Coirce; 21; Rosanach.
Síos: 1. Spailpín; 2. Baileachas; 3. Scealaíocht; 4. Amh; 5. Proca; 6. Grosa; 10. Sceirdiúil; 13. Truanach; 15. Smear; 16. Ramas; 19. Sin.